Oifig Chúnant Eorpach na Méaraí – Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí, 2019

Réamhrá le Kadri Simson, an Coimisinéir Eorpach um Fhuinneamh

(© European Union, 2019 / Source: EC - Audiovisual Service)

“An príomhchuspóir atá againn sa Choimisiún Eorpach nua ná go mbeidh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Ní hamháin go dtabharfar aghaidh ar ghéarchéim na haeráide, ach cuimseofar ann freisin an ceartas sóisialta, an fhorbairt gheilleagrach, agus an fholláine a chinntiú do shaoránaigh go léir na hEorpa.

Ní féidir linn fanacht a thuilleadh. Tá an-obair déanta ag an gCoimisiún a bhí ann romhainn chun an creat reachtach riachtanach a thógáil a chuirfidh ar ár gcumas aistriú chuig córas fuinnimh atá glan agus cóir. An misean atá romhainn anois ná é sin a chur i gcrích. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dúinn teagmháil a dhéanamh le saoránaigh na hEorpa agus leis na rialtais agus na hinstitiúidí a bhíonn ag freastal orthu. Is gá dúinn tabhairt faoin obair ar bhealach oscailte, cuimsitheach agus comhoibritheach.

Sárshampla den chur chuige cuimsitheach comhoibritheach sin is ea Cúnant Eorpach na Méaraí. Le breis is deich mbliana anuas, tá tiomantais mhisniúla á nglacadh ag údaráis áitiúla ar fud na hEorpa as a stuaim féin, agus déanann siad beart de réir a mbriathair. Tá os cionn 9,200 cathair agus baile, ar gach méid agus ó gach réigiún, tar éis an cúnant a shíniú sa lá atá inniu ann. Is airde a meánspriocanna siúd maidir le hastaíochtaí CO_2 a laghdú do 2020 agus 2030 ná spriocanna an Aontais Eorpaigh féin, agus tá straitéisí forbartha acu cheana féin chun an neodracht ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050 – agus níos luaithe ná sin i gcásanna áirithe.

Is mó atá i gceist leis an aistriú fuinnimh ná fuinneamh in-athnuaite nó teicneolaíochtaí iontacha: baineann sé le húsáid chliste acmhainní, agus neartú an daonlathais agus na folláine san Eoraip ag an am céanna. Is sna cathracha agus sna bailte a thagann na nithe sin ar fad le chéile.

Teastaíonn ceannródaithe uainn a bheidh ar thosach an tslua chun go mbeimid ar an gcéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Tá mé idir bhródúil agus bhuíoch as a bheith ag obair as lámha a chéile leis na páirtithe leasmhara spreagúla i gCúnant na Méaraí a bhfuil sé léirithe cheana féin acu gur féidir linn ár spriocanna a bhaint amach ach a bheith ag tarraingt le chéile.

Tá súil agam go n-éireoidh linn ar ár n-aistear i dtreo aistriú cóir, daonlathach agus glan fuinnimh in 2020!”